






Úrscéalta

don dara agus an tríú bliain

Scoileanna T2


Eochair		
 Closleabhar / sliocht / caibidil ar fáil	 Ríomhleabhar ar fáil	 Cuid de shraith leabhar
Canúintí na Gaeilge		
U = Canúint Uladh	C = Canúint Chonnacht	M = Canúint na Mumhan

Tabhair faoi deara, gur le foilsitheoirí na dtéacsleabhar na blurbaí áirithe seo.






	<p>Sárú (C) Cló Iar-Chonnacht (2017)</p> <p style="text-align: right;">Anna Heussaff</p> <p>Táimid ag faire ort. Tabhair dúinn é... Ar uaireadóir cliste atá an cluiche nua SÁRÚ á imirt ag Evan agus a chara Rio. An éireoidh leo an domhan a thabhairt slán sa chluiche, nó an gcuirfidh Crúb agus na bulaithe eile stop leo? Tá contúirtí móra eile ina saol féin - ina measc, stoirmeacha, agus tubaistí aeráide a bhfuil Síofra, deirfiúr Evan, an-bhuartha fúthu. Agus cén sórt duine í Cara, an cailín nach ndéanann gáire? Mistéir, eachtraí agus fadhbanna móra an domhain.</p> <p>Is é <i>SÁRÚ</i> an tríú húrscéal do léitheoirí óga a scríobh Anna Heussaff. Bhí na príomhcharachtair chéanna in <i>Vortex</i> agus in <i>Hóng</i>, a bhuaigh Gradam Speisialta na Moltóirí ó Leabhar Pháistí Éireann in 2013.</p> <ul style="list-style-type: none"> Féach ar fhíseán agus léigh an chéad chaibidil ag an nasc thíos: https://www.youtube.com/watch?v=N-11Hwb7JnQ&feature=youtu.be
	<p>Labhairamach.com (M) Cló Iar-Chonnacht (2017)</p> <p style="text-align: right;">Áine Uí Fhoghlú</p> <p>Cailín óg aonarach meánscoile í Ciara Ní Cholmáin, atá ciaptha céasta ag buíon cailíní atá sa scoil chéanna léi - roimh, le linn agus tar éis am scoile. Ní hamháin sin ach tá sí ag fáil téacsanna gránna agus tá pictiúir di á gcur suas ar an suíomh labhairamach.com ag duine anaithnid éigin. Ach díreach agus Ciara in umar na haimléise castar cara nua uirthi, cara rua cosúil léi féin, cara nach ligfidh síos í agus a thiocfaidh i gcabhair uirthi in am an ghátair. Gearr-úrscéal cumhachtach a thugann an-léargas ar bhulaíocht agus ar thromaíocht sa lá atá inniu ann i scoileanna dara leibhéal.</p> <ul style="list-style-type: none"> Sraith físeán leis an údar Áine Uí Fhoghlú faoina húrscéal Labhairamach.com https://www.cogg.ie/labhairamach.com
	<p>Cúpla (M) Cló Iar-Chonnacht (2011)</p> <p style="text-align: right;">Ógie Ó Céilleachair</p> <p>Cúpla iad Sharon agus Éile agus iad beirt cúig bliana déag d'aois. Cailín ciúin, stuama, staidéarach í Éile atá go maith ar scoil, ach tá Sharon aerach agus fiáin agus bíonn sí ag pléidhcíocht i gcónaí. Agus an Teastas Sóisearach ag druidim leo ní mór do Sharon luí isteach ar an obair, ach lá amháin feiceann sí rud a chuireann as go mór di. Cailleann sí smacht uirthi féin go hiomlán. Tá alltacht agus uafás ar Éile, ach céard is féidir léi a dhéanamh faoi?</p> <ul style="list-style-type: none"> Blag #LeChéile: Seisiún ceisteanna agus freagraí le hÓgie Ó Céilleachair https://www.forasnagaeilge.ie/seisiun-ceisteanna-agus-freagrai-le-hogie-o-ceilleachair/









	<p>Amach (M) An Gúm (2012)</p> <p style="text-align: right;">Alan Titley</p> <p>‘Cá bhfuil tusa ag dul?’ arsa mo mháthair liom agus mé in aice an dorais. ‘Amach,’ arsa mise. ‘Cá bhfuil amach?’ ar sise. ‘Tá amach an-mhór.’ ‘Amach ansin,’ arsa mise mo mhéar á síneadh agam i dtreo na sráide, ‘tá a fhios agat.’ ‘Níl a fhios agam,’ ar sise. ‘Níl a fhios agam ar chor ar bith.’</p>
	<p>Smuf (M) An Gúm (2012)</p> <p style="text-align: right;">Alan Titley</p> <p>Conas a mhothófá dá bhfágfadh do mhuintir ar thaobh an bhóthair thú in áit strainséartha - agus dá n-imeoidís leo sa charr? Sin é go díreach a tharlaíonn do Smuf, laoch an úrscéil seo. Cad atá i ndán do Smuf - saol anróiteach nó saol an mhadra bháin?</p>
	<p>Hóng (C) Cló Iar-Chonnacht (2012)</p> <p style="text-align: right;">Anna Heussaff</p> <p>Tá brón orm. Tá eagla orm. Cabhraigh liom. In Éirinn... Is cluiche iontach é Hóng, a imríonn Evan ar a ríomhaire an t-am ar fad. Ach tá contúirtí móra ag cur eagla ar imreoir eile, Yin. Cé hí an stráinséir seo agus conas a chabhróidh Evan léi - ní istigh sa chluiche, ach sa saol mór? Nó an mbeidh Evan, a chara Rio agus a dheirfiúr Síofra ábalta stop a chur in am le gnó salach in Éirinn agus i gcéin? Is é HÓNG an dara húrscéal do léitheoirí óga a scríobh Anna Heussaff. Bhí na príomhcharachtair chéanna in Vortex. Bronnadh duais Oireachtais agus duais Leabhair Pháistí Éireann (CBI) ar an saothar seo.</p>





	<p style="text-align: right;">Áine Ní Ghlinn</p> <p>Daideo (M) Cois Life (2014)</p> <p>Buachaill ar a theitheadh óna thuismitheoirí. Seanduine ar a theitheadh óna pháistí. Castar ar a chéile iad ar an traein go Baile Átha Cliath. Éistean siad le scéalta a cheile. Tuigeann siad a chéile. Cén toradh a bheidh ar an gcairdeas nua seo?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Éist leis an úrscéal á léamh ag Áine Ní Ghlinn https://soundcloud.com/cois-life-teoranta/daideo-le-aine-ni-ghlinn-closleabhar-o-cois-life
	<p style="text-align: right;">Colmán Ó Raghallaigh</p> <p>Ealú san Oíche (C) Cló Mhaigh Eo (2012)</p> <p>Drochbhliain ghruama d'Éirinn is ea 1847. Tá an drochshaol ann - an galar dubh ar na prátaí, é ag leathadh go rábach ar fud na tíre agus na mílte básaithe cheana féin. In iarthar na tíre tá an scéal ag dul in olcas in aghaidh an lae. Is i mBaile na gCrann atá cónaí ar an ngabha dubh, Tomás Ó Máille agus a chúram. Nuair a chuirtear a chomharsana chun bóthair ag a dtiarna talún tagann Tomás i gcabhair orthu agus tugann an teaghlach uile agus a gcuid giuirléidí go Caisléan an Bharraigh. Turas cinniúnach a chuirfidh cor mór ina shaol.</p>
	<p style="text-align: right;">Eithne Ní Ghallchobhair</p> <p>Hiúdaí Beag (U) Cló Mhaigh Eo (2012)</p> <p>Bhí Hiúdaí beag ag tarraingt ar naoi mbliana déag d'aois ach lá oibre ní dhearna sé riamh ina shaol. D'fhan sé sa bhaile lá i ndiaidh lae go dtí gur tugadh bata agus bóthar dó. Tosaíonn an scéal seo agus Hiúdaí beag ar tí aghaidh a thabhairt ar an domhan mórthimpeall air, áit a bhfuil an greann agus an ghruaim i ndán dó.</p> <p>Casann sé ar dhaoine aisteacha in áiteanna iontacha ach bíonn an ghrian lena dhroim i gcónaí... go dtí go gcastar rí na gcat air!</p>
	<p style="text-align: right;">Clare Lyons</p> <p>Lasair na Gréine Coiscéim (2006)</p> <p>Tá cos ag Katie Ní Chorráin in dhá chultúr. As Éirinn a tháinig a sin-sin-seanathair, ach ghlac muintir bhundúchasach na hAstráile leis ina measc féin. Ach ní thugann Katie aon aird ar na seanscéalta bundúchasacha a insíonn a hathair dí. Dar léi, níl aon bhaint ag na piseoga seo leis an saol nua-aoiseach féin. Nuair a thógann sí didgeridoo ar iasacht, áfach, baineann spioraid na treibhe díoltas aisti faoi na geasa a bhriseadh.</p> <p>An mbeidh sí féin agus a cara in ann teacht slán as an gcontúirt? An mbeidh uirthi breathnú arís ar shean-nósanna bundúchasacha a muintire?</p>





	<p>Trumptaí Dumptaí agus An Falla Mór (C) Móinín (2017)</p> <p style="text-align: right;">Ré Ó Laighléis</p> <p>Bhuel... teastaíonn ó Donald J Trump falla a thógáil - huth! Is mian leis <i>hombres</i> agus <i>bad dudes</i> Mheicsiceo a choinneáil amach as Na Stáit Aontaithe... Samhlaigh an t-iontas atá ar na Gaillimhigh, Rónán agus Fionntán Ó Conghaile, as ceantar na nOileán, nuair a thagann glaoch ón Teach Bán isteach chucu san oifig i mBostún, Massachusetts lá. Teastaíonn ón Trumpach go ndéanfaidh R. & F. Ó Conghaile Teo. an falla a thógáil dó... agus tógfaidh! Is iomaí casadh agus lúb atá i stráitéis. An Trumpaigh sa scéal áiféiseach seo le go bhfaighe sé a bhealach féin, agus is iomaí rud a cheapann sé a bheith ar eolas aige. Ach níl a fhios aige mar a chóthóidh seanchara leis as An Dún Beag i gcontae an Chláir deacrachtaí dó san iarracht.</p>
	<p>Toraíocht Taisce (M) Cois Life (2012)</p> <p style="text-align: right;">Míchéal Ó Ruairc</p> <p>Tugann déagóir óg, Peadar Mac Ionraic, cuairt ar an nGaeltacht agus titeann faoi scáth draíochta eachtraí stairiúla smuigléireachta. Ag an am céanna tá fíoreachtraí a shaoil bhaile agus a shaoil féin le réiteach aige.</p>

